

- 
1. Cá mbeidh tú ar an deireadh seachtaine? Where will you be on the weekend?
- Cad a bheidh tú ag déanamh ar an deireadh seachtaine? What will you be doing on the weekend?  
An mbeidh tú ag obair amárach? Will you be working tomorrow?  
An mbeidh tú ag dul amach go luath? Will you be going out early?
- Cá rachaidh tú amárach? Where will you go tomorrow?  
Conas a rachaidh tú ann? How will you go there?  
An rachaidh tú ag obair go luath? Will you go to work early?
2. Cad a ólfaidh tú maidin amárach? What will you drink tomorrow morning?  
An ólfaidh tú caife ar maidin? Will you drink coffee in the morning?
- Cad a íosfaidh tú don bhricfeasta? What will you eat for breakfast?  
Cé a íosfaidh leite don bhricfeasta? Who will eat oatmeal for breakfast?
- Cad a chuirfidh tú ar do chuid leitean? What will you put on your oatmeal?
- An gceannóidh tú torthaí amárach? Will you buy fruit tomorrow?  
Cén saghas torthaí a cheannóidh tú? What kind of fruit will you buy?  
Cá gceannóidh tú iad? Where will you buy them?
3. An mbreathnóidh tú ar an teilifís anocht? Will you watch the TV tonight?
- An bhfeicfidh tú scannán sa phictiúrlann? Will you see a movie in the cinema?
4. Cad a dhéanfaidh tú sa samhradh? What will you do in the summer?
- An ndéanfaidh aon rud faoi leith do do bhreithlá i mbliana? Will you do anything special for your birthday this year?

**Seal le Dáithí le Tadhg Mac Dhonnagáin**

1. Sea. Bail ó Dhia oraibh agus bhur gcéad fáilte go dtí clár na hoíche anocht.
2. Ceolteoir, foilsitheoir, agus iar-chraoltóir atá liom. Fear a raibh ana-chuid cúrsaí difriúla idir lámh aige.
3. Chaith sé seal le „Raiftearaí San Underground,” ach is cuimhin liomsa é ó Dilín ó Deamhas.
4. Tadhg Mac Dhonnagáin atá le mo haghaidh. Conas tánn tusa?
5. Tá mé *alright*.
6. Déarfaidh mé an meid seo leat. Tusa an chéad réalt teilifíse a bhí inár dtigh-ne. Mar sin. Sea.
7. Bhuel is mór an onóir dom. Dhera! Sinn ar aghaidh.
8. Is cuimhin liomsa Dilín ó Deamhas. Bhíos ana-óg ar fad.
9. Agus thosaigh an clár sin i naoi déag a hochtó is rud éigint.
10. Bhí sé ar an aer bliain nó dhó sular thosaigh mise ag plé leis.
11. An chaoi ar tharla sé, bhí mé ag múineadh scoile ag an am. B’in cúpla post ó shin.
12. Bhí mé ag múineadh scoile. Bhí mé díreach tosaithe amach ag múineadh scoile agus tharla go raibh mé curtha i mbun na Naíonán Beaga.
13. Agus is as sin a tháinig Dílean ó Deamhas mar bhí siad ag cuartú fear óg a bheadh go maith, in ann ag labhairt le páistí an-óg agus bhínn ag plé chomh maith le ceol agus le drámaíocht agus rudaí den tsort sin.
14. Agus tugadh cuireadh dom theacht isteach agus trial a bhaint as.
15. Agus an raibh aon choinne agat go mbeifeá ar an dteilifís mar sin. Nuair a chuaigh tú chuig an coláiste, nuair a bhí tú ag dul le múinteoireacht, agus an chéad rud eile, titeann sé isteach i do lámha.
16. Bhuel, ní raibh i ndáiríre mar ní raibh a leithéid de rud ann agus cúrsa cumarsáide nó a leithéidí ann ar chor ar bith ag an am.

**Ceisteanna**

1. Cé hé dTadhg Mac Dhonnagáin?
2. Cén clár a raibh sé air sna ochtóidí?
3. Cad a bhí Tadhg ag déanamh sna hochtóidí?
4. An ndearna sé cúrsa cumarsáide ar scoil?

**Time with David with Tadhg Mac Dhonnagáin**

- Yes. God bless you and welcome to tonight’s program.
- A musician, publisher and former broadcaster is with me. A man who has had many different matters in his hands.
- He spent some time on „Raftery in the Underground,” but I remember him from Dilín ó Deamhas.
- Tadhg Mac Dhonnagáin is before me. How are you?
- I’m all right.
- I will say this much to you. You’re the first television star who has been in our house. So. Yeah.
- Well, it’s a great honor for me. Yerra! On we go.
- I remember Dilín ó Deamhas. I was very young.
- And that program started in nineteen eighty-something
- It was on the air a year or two before I became involved with it.
- The way it happened, I was teaching school at the time. That was a couple jobs ago.
- I was teaching school. I had just start out teaching school and it happened that I was put in charge of Junior Infants.
- And it’s from that that Dílean ó Deamhas came because they were looking for a young man who would be good, able to speak with very young children, and I used deal as well with music and drama and things of that sort.
- And I was invited to come in and try it out.
- And did you have any expectation that you would be on the television like that. When you went to college, when you were starting out teaching and the next thing, it falls into your hands.
- Well, not really because there wasn’t such a thing as a communications course or such things at all.

**Questions**

- Who is Tadhg Mac Dhonnagáin?
- What program was he on in the eighties?
- What was Tadhg doing in the eighties?
- Did he do a course in communications at school?